# Charles Stewart Parnell

Feisire Parlaiminte ab ea Charles Stewart Parnell a thuig go raibh neamhaird á tabhairt ag rialtas na Breataine ar ghnáthphobal na hÉireann ag deireadh an naoú haois déag. Theastaigh uaidh córas na talún in Éirinn a leasú go hiomlán, rud a spreag daoine áirithe agus a chuir daoine eile ina choinne.

Féach ar an bhfíseán ar Charles Stewart Parnell agus faigh amach an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.



# Charles Stewart Parnell

| | | |
|---|---|---|
| Tiarna talún ba ea Parnell | | B |
| Caitliceach ba ea é | | |
| Ba é William Gladstone a bhí ina cheannaire ar an bPáirtí Liobrálach sa Bhreatain | | |
| Bhí tacaíocht pháirtí parlaiminte Pharnell ag teastáil ó Gladstone tar éis olltoghcháin 1885 | | |
| Theastaigh ó Pharnell Rialtas Dúchais a bhaint amach d'Éirinn | | |
| Bheadh Parnell sásta tacaíocht a thabhairt don pháirtí Liobrálach dá gcuirfidís Rialtas Dúchais i bhfeidhm in Éirinn | | |
| Bhí Parnell pósta ar bhean darbh ainm Katharine O'Shea | | |
| D'éirigh le Parnell Rialtas Dúchais a bhaint amach d'Éirinn | | |
| Scoilt páirtí Pharnell mar gheall ar a chaidreamh le Catherine O'Shea | | |
| Thacaigh an Eaglais Chaitliceach le Parnell nuair a fuarthas amach faoina chaidreamh le Katharine O'Shea | | |
| Cailleadh Parnell sa bhliain 1891 agus gan Rialtas Dúchais bainte amach aige d'Éirinn | | |

# Charles Stewart Parnell

## Léamhthuiscint: Charles Stewart Parnell agus an Rialtas Dúchais

Rugadh Charles Stewart Parnell i gcontae Chill Mhantáin. Bhain sé leis an gCinsealacht Phrotastúnach. Bhí baint ag a theaghlach le cúrsaí polaitíochta ag dul siar cúpla glúin. Cuireadh oideachas ar Pharnell i Sasana agus chaith sé trí bliana go leith i mbun staidéir in Cambridge Shasana ach níor bhain sé céim amach. D'fhill sé ar Éirinn agus chuir sé suim sa pholaitíocht sna 1870idí. Bhí sé ar son rialtais dúchais d'Éirinn, mar sin, ba náisiúnaí é. Is éard a bhí i gceist le rialtas dúchais ná go mbeadh parlaimint dá cuid féin ag Éirinn i mBaile Átha Cliath ach go bhfanfadh sí mar chuid d'Impreacht na Breataine. Chaith Parnell beagnach fiche bliain ag iarraidh rialtas dúchais a bhaint amach don tír seo agus bhí cion an-mhór ag muintir na hÉireann air.

Ghlac Parnell ceannaireacht ar Pháirtí an Rialtais Dúchais ag tús na 1880idí agus chuaigh an Páirtí ó neart go neart faoina stiúir. Bhí smacht an-daingean aige ar an bPáirtí agus mar sin bhí cumhacht an-mhór acu i Westminster. D'éirigh leo an-chuid suíochán a bhaint amach sa pharlaimint i Westminster i rith na 1880idí. Chomh maith leis sin, bhí Parnell toilteanach glacadh le tacaíocht ó ghrúpaí éagsúla in Éirinn a raibh dearcadh náisiúnach acu, grúpaí cosúil le Bráithreachas Phoblacht na hÉireann agus Conradh na Talún. Dhiúltaigh sé áfach modhanna foréigneacha a úsáid chun a aidhmeanna polaitíochta a bhaint amach. Faoi dheireadh na 1880idí bhí gach cuma ar an scéal go n-éireodh le Parnell rialtas dúchais a fháil d'Éirinn. Ba é a bhí ina rí neamhoifigiúil ar Éirinn ag an bpointe seo, gan dabht.

Theip sa deireadh ar iarrachtaí Pharnell áfach mar gheall ar chás colscartha. Bhí páirtí Pharnell, Katharine O'Shea, pósta cheana féin ar fhear eile agus nuair a bhris an scéal sna meáin bhí sé ina raic agus chas an-chuid daoine i gcoinne Pharnell, an Eaglais Chaitliceach agus comhghleacaithe dá chuid i bPáirtí an Rialtais Dúchais ina measc. Scoilt an Páirtí. Cailleadh Parnell gan é ach 45 bliain d'aois sa bhliain 1891. Ní raibh Páirtí an Rialtais Dúchais chomh láidir céanna go ceann i bhfad tar éis bhás Pharnell.

# Charles Stewart Parnell

## Gluais

an Chinsealacht Phrotastúnach = aicme áirithe de Phrotastúnaigh a raibh formhór na cumachta agus an tsaibhris acu in Éirinn
rialtas dúchais = féinrialú
dearcadh náisiúnach = béim a chur ar fhéiniúlacht, chultúr, spéiseanna agus ar fhlaitheas tíre amháin thar thíortha eile
Bráithreachas Phoblacht na hÉireann = IRB
Conradh na Talún = the Land League
cás colscartha = cás a throidtear sna cúirteanna bunaithe ar lánúin phósta atá ag iarraidh scaradh óna chéile go buan

## Ceisteanna

1. Cén áit ar cuireadh oideachas ar Pharnell?
2. Cad a bhí i gceist le rialtas dúchais?
3. Ar éirigh go maith le Páirtí an Rialtais Dúchais faoi stiúir Pharnell? Cén fhianaise sa sliocht a léiríonn é sin?
4. Ainmnigh dhá ghrúpa a chabhraigh le Parnell ina chuid iarrachtaí polaitíochta.
5. Cén t-ainm a bhí ar pháirtí Pharnell?
6. Cén fáth ar tháinig deireadh le ré Pharnell?
7. Cad a tharla do Pháirtí an Rialtais Dúchais nuair a bhris an scannal amach sna meáin faoi shaol pearsanta Pharnell?
8. An gceapann tú go raibh Parnell sásta lena shaol polaitíochta i ndeireadh a shaoil? Cén fáth?
9. Fiosraigh ar líne cad a tharla go díreach do Pháirtí an Rialtais Dúchais sna 1890idí tar éis bhás Pharnell.
10. An mbeadh meas agat ar Charles Stewart Parnell mar pholaiteoir? Cén fáth?

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Charles Stewart Parnell

## Gluais

| | |
|---|---|
| Acht an Aontais | duine a raibh suíochán aige/aici sa pharlaimint |
| Páirtí an Rialtais Dúchais | eagraíocht a raibh sé d'aidhm acu coinníollacha níos fearr a fháil d'fheirmeoirí na hÉireann |
| Feisire Parlaiminte | acht a cheangail Éire agus an Bhreatain le chéile go dlúth |
| Bráithreachas Phoblacht na hÉireann | an bhliain a ritheadh an chéad Bhille Rialtais Dúchais |
| William Gladstone | páirtí polaitíochta a raibh sé d'aidhm acu parlaimint a chruthú i mBaile Átha Cliath |
| Conradh na Talún | ceann de na mórpháirithe polaitíochta sa Bhreatain |
| Katharine O'Shea | ceannaire an Pháirtí Liobrálaigh idir na blianta 1868 agus 1894 |
| 1886 | an chéad cheannaire ar Pháirtí an Rialtais Dúchais |
| Páirtí na gCaomhach | páirtí Charles Stewart Parnell |
| Westminster | áthair pharlaimint na Breataine agus na hÉireann san naoú haois déag |
| Sir Isaac Butt | eagraíocht a raibh sé d'aidhm ach poblacht neamhspleách a chruthú in Éirinn. Bheidís toilteanach modhanna foréigneacha a úsáid dá mba ghá |

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Charles Stewart Parnell

Seo a leanas cúig fhíric thábhachtacha faoina raibh i ndán do Pháirtí an Rialtais Dúchais tar éis bhás Pharnell.

1. Scoilt: Scoilt an Páirtí ina dhá leath ag tús na 1890idí. Lucht tacaíochta Pharnell a bhí i ngrúpa amháin agus dream a bhí i gcoinne Pharnell a bhí sa ghrúpa eile.
2. Athaontú: Tháinig an dá ghrúpa sin le chéile arís sa bhliain 1900. Páirtí Parlaiminte na hÉireann an t-ainm a bhí air feasta.
3. John Redmond: Ba é John Redmond as Loch Garman a bhí ina cheannaire nua ar an bPáirtí. Theip ar iarrachtaí Redmond Bille Rialtais Dúchais a achtú de bharr bhriseadh amach an Chogaidh Mhóir sa bhliain 1914.
4. Éirí Amach 1916: Chuir Éirí Amach na Cásca 1916 cor i gcinniúint Pháirtí Parlaiminte na hÉireann. Modhanna foréigneacha seachas modhanna bunreachtúla a úsáideadh le linn Sheachtain na Cásca 1916.
5. Olltoghchán 1918: Bhí olltoghchán tubaisteach ag Páirtí Parlaiminte na hÉireann sa bhliain 1918. Bhí an-rath ar pháirtí nua a bhí níos radacaí na Páirtí Parlaiminte nah Éireann. Sinn Féin an t-ainm a bhí ar an bpáirtí nua náisiúnach seo.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta